




TEACHER NOTES

GAEILGE

TO BE USED IN CONJUNCTION WITH WORKSHEETS 1A TO 1H

Ceacht 1

Snáitheanna: Éisteacht, Labhairt.

Cuspóir: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

1. Labhairt go leanúnach faoin a gcaitheamh aimsire.
2. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éisteachta a éilíonn tuiscint bhunúsach.

Fearas: Cárta Oibre 1A, DVD Cluiche Tomhais.

Plean Ceachta:

A. Comhrá faoi na caithimh aimsire atá ag na daltaí.


1. Cad a dhéanann tú tar éis am scoile? (Téim go dtí teach mo chara agus bím ag ____.)
2. An maith leat a bheith ag imirt spóirt? (Is breá liom a bheith ag iomáint agus a bheith ag imirt cluiche corr.)
3. Cén cluiche is fearr leat? (Is í peil/iomáint/liathróid láimhe an cluiche is fearr liom.)
4. Cén t-imreoir is fearr leat? (Is maith liom ____ ach is fearr liom ____.)
5. Cén dath/cad iad na dathanna a caitheann siad? (Caitheann siad gorm agus ór agus caitheann Corcaigh bán agus dearg.)

B. Taispeáin fearas CLG don rang agus múin aon fhocail nua dóibh.

Bata corr, cluiche corr, sliotar, liathróid peile, cúl, clogad, cúilín srl.

1. Bíonn sé níos fearr más féidir na nithe thuasluaite ar fad a thaispeáint don rang mar ní bheidh gá aon aistriúchán a dhéanamh mar thoradh.
2. Iarr ar an rang na nithe éagsúla a ainmniú agus croch na luascháirtaí (tá na luascháirtaí ar fail ar www.ceim.gaa.ie) in aice leo. Is féidir iad a fhágáil ar taispeáint ar feadh cúpla lá go dtí go rachaidh na daltaí i dtaithí ar na focail nua.

C. Roinn na paistí i ngrúpaí. Tabhair pictiúr 1A do gach ghrúpa. Caithfidh siad cúig abairt a chumadh faoin bpictiúr. (Tugtar pointe ar gach abairt atá ceart.) Tabhair ceisteanna dóibh agus iad sna grúpaí. Mar shampla: Cén cluiche atá ar siúl sa phictiúr? Cá bhfuil na h-imreoirí? Cad atá á dhéanamh acu? Cad atá á chaitheamh acu? Cé mhéad duine/liathróid srl. atá sa phictiúr?



D. DVD: Cluiche Tomhais.

Féach ar an DVD agus iarr ar na paistí tomhas a dhéanamh ar an rud atá i gceist. Is féidir an DVD a stopadh agus an téacs a thaispeáint dóibh. Ina dhiaidh sin is féidir leo an cluiche “Fiche Ceist” a imirt ina mbeirteanna.

Mar shampla:

An bhfuil an rud _____? (bog, fada, cruu & srl)

An féidir é/í _____? (a bhualadh, a bhriseadh)

An fear é? (sea/ní h-ea)

An bhfuil dath rua ar a c(h)uid gruaige?

An imríonn sí le _____?

Ba mhaith liom tomhas a dhéanamh.

An _____ é/í?

E. **Cluiche biongó:** scríobh téarmaí a bhaineann leis an gcluiche ar an gclár dubh chun cabhair a thabhairt do na páistí.



Ceacht 2

Snáithe: Labhairt.

Cuspóir: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste cluichí a imirt chun taithí a fháil ar ghnéithe bunúsacha de ghramadach na Gaeilge.

Fearas: Cárta Oibre 1C.

Plean Ceachta:

A. Foclóir eile a bhaineann leis an spórt:

1. Foireann, páirc imeartha, geansaithe peile, captaen, imreoirí, leath ama, scór an chluiche: cúl, cúilín, trasnán, cúl báire, lán-tosaithe, lár páirce.



Is féidir iad seo a mhúineadh trí chairt simplí den pháirc pheile a tharraingt agus na luaschártaí a chrochadh san áit chuí ar an bpáirc. Sa chaoi seo, beidh an brí an-soiléir ar fad.

2. Aimsigh na difríochtaí idir an dá/dhá p(h)ictiúr i **Cárta Oibre 1C**.

Ceisteanna: An bhfuil _____ i do phictiúr?

Cá bhfuil _____?

Cé mhéad _____ atá i do phictiúr?

Níl aon _____ i mo phictiúr ach tá i do phictiúr.

Ar an, ag an, idir, os cionn, taobh thiar, os comhair, in aice, i lár srl.

3. **Cluiche Kim:** Cuirtear rudaí a bhaineann leis an CLG in áiteanna éagsúla sa seomra ranga faoi shúile na bpáistí. Ansin dúnann na paistí a súile agus cuirtear rud nó dhó in áit difriúil. Aimsíonn na paistí na difríochtaí. Mar shampla, bhí an camán ag an bhfuinneog ach anois tá sé faoin mbord.

Ceacht 3

Cuspóir: Go n-imreoidh na paistí cluiche corr trí Ghaeilge.

Comhtháthú le Corpoideachas.

Tá na rialacha le fáil ar www.rounders.gaa.ie.

Nathanna cainte a bhaineann le bheith ag imirt spóirt a mhúineadh don rang:

1. Rith. Ná stop. Bí cúramach leis an liathróid. Féach taobh thiar duit. Ná rith. Stad ansin. Lean ar aghaidh.
2. Coinnigh ort. Beir ar an liathróid. Seachain tú féin. Caith chugam é/i.



3. Maith an fear. Maith thú. Nár laga Dia thú. Mí-ádh. Déan arís é.

Indiaidh an rang Gaeilge, is féidir a rá leo na nathanna sin a úsáid agus iad ag imirt an chluiche sa rang corpoideachais.

Is féidir cluiche iománaíochta/camógaíochta/peil ghaelach a imirt trí Ghaeilge sa rang chorpoideachais freisin.

Ceacht 4

Cuspóir: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste scríobh faoi phictiúr

Snáithe: Éisteacht, Labhairt, Scríbhneoireacht.

Fearas: **Cárta Oibre 1B**, DVD Cé Mise.

Plean Ceachta:

1. **Cárta Oibre 1B.** Labhair faoin bpictiúr ina mbeirteanna. Is féidir leo na ceisteanna a fhreagairt ina gcópleabhair ag deireadh an cheachta.
2. Cluiche a chonaic tú: Tabhair sampla do na páistí. Bhí mé ag cluiche an Domhnach seo caite. Bhí Corcaigh agus Baile Átha Cliath ag imirt. Bhí slua mór ag an gcluiche. Thosaigh an cluiche ag a trí a chlog srl. Ansin iarr orthu plé a dhéanamh faoin gcluiche a chonaic siad/d'imir siad
3. Féach ar "Cé Mise" ar an DVD. Iarr orthu tomhas a dhéanamh faoi na h-imreoirí atá ann agus tar éis dóibh a féachaint air iarr orthu eolas a chumadh faoi na himreoirí eile.



Ceacht 5

Cuspóir: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

A. Cluichí taitneamhacha focal a imirt.

B. Cluichí teanga a imirt.

Snáitheanna: Éisteacht, Labhairt, Scríbhneoireacht.

Fearas: **Cárta Oibre 1D, 1H**, DVD Laochra Gael.

Plean Ceachta:

1. Cluiche cuimhne. Tabhair abairt do na páistí agus iarr orthu leanúint ar aghaidh.
Mar shampla: Chonaic mé cluiche iománaíochta. Chonaic mé cluiche iománaíochta ar an teilifís. Chonaic mé cluiche iománaíochta ar an teilifís, bhí Baile Átha Cliath agus Luimneach ag imirt. Chonaic mé cluiche iománaíochta ar an teilifís, bhí Baile Átha Cliath agus Luimneach ag imirt. Thosaigh an cluiche ag a trí a chlog, srl.
2. Téigh siar ar an bhfoclóir a mhúin tú i gceacht a haon le **Cárta Oibre 1D**.
3. Féach ar "Laochra Gael" ar an DVD. **Cárta Oibre 1H**



4. **An crochadóir:** scríobh focail ar an gclár dubh a bhaineann le cúrsaí CLG.
5. **Mím:** Tugann an múinteoir leid don pháiste faoi mhím a dhéanfaidh sé/sí. Nó, tugann an múinteoir cárta le pictiúr/focal gníomhaíochta do pháiste amháin. Bíonn ar na páistí eile tomhas a dhéanamh faoin ngníomhaíocht atá ar siúl ag an bpáiste. Mar shampla: tá tú ag ciceáil.

Ceacht 6

Cuspóir: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

1. Oiliúint a fháil i scil na héisteachta trí úsáid a bhaint as an DVD.
2. Léitheoireacht fheidhmiúil a dhéanamh.

Snáitheanna: Léitheoireacht, Éisteacht, Labhairt.

Fearas: **Cárta Oibre 1G, 1H.** DVD Féach agus Freagair.

Plean Ceachta:

1. Féach ar chuid de chluiche ar an DVD agus lig do na páistí plé a dhéanamh faoin gcluiche. **Cárta Oibre 1H**
2. Cur síos a dhéanamh ar an imreoir is fearr leo nó ar imreoir a chonaic siad sa phictiúr nó ar an DVD. **Cárta Oibre 1G.** Suirbhéanna a dhéanamh agus tuairiscí a thabhairt ar an gCumann Lúthchleas Gael. Mar shampla: an t-imreoir is fearr sa tír/ geansaí peile is deise.



Ceacht 7

Cuspóir: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste labhairt fúthú féin.

Snáitheanna: Léitheoireacht, Labhairt.

Fearas: **Cárta Oibre 1E, 1F**

Plean ceachta:

Pléigh lena paistí na rudaí a ndéanann siad i rith an tsamhraidh. Céard a rinne tú an samhradh seo caite? Cá ndeachaigh tú? An ndeachaigh tú go dtí campa samhraidh? Lig dóibh scéal a scríobh faoin gcampa samhraidh agus pictiúr a tharraingt de.

Cárta Oibre 1E. An ndeachaigh tú go dtí Cúl Camps anuraidh? Cé h-íad na h-imreoirí a chonaic tú ann? Tabhair cárta 1E do na paistí agus iarr orthu an foirm iarratais a líonadh isteach. **Cárta Oibre 1F.** Leigh an téacs agus tarraing an pictiúr

Gníomhaíochtaí Eile:

1. Scríobh faoin gcluiche a chonaic siad.
2. Scríobh faoin gcluiche a d'imir siad ag baint úsáid as na téarmaí atá le fail.
3. Scríobh próifíl faoin imreoir is fearr leo. (**Cárta Oibre 1G**).
4. Ullmhaigh ceisteanna sula gcuireann tú imreoir faoi agallamh.
5. Fíor nó bréagach, 10 gceist a fhreagairt.
6. Fíor nó bréagach bunaithe ar phictiúr.
7. Achoimhre a dhéanamh ar Chluiche Ceannais na hÉireann.
8. Scéal a scríobh faoi imreoir éigin. Is féidir leo na leabhair thuas luaite nó www.cúl4kidz.com a úsáid chun an t-eolas a fháil.
9. Fíor nó bréagach bunaithe ar phictiúr ó leabhair nó postaer.
10. Filíocht a léamh, mar shampla "An Iomáint" le Seán ó Finneadha.



Nathanna úsáideacha chun cluiche a imirt nó chun prionta a chur ar an mballa:

Iomáint:	Hurling
Cluiche Corr:	Rounders
Peil Ghaelach:	Gaelic Football
Peil na mBan:	Ladies Football
Liathróid Láimhe:	Handball
Camógaíocht:	Camogie
Maith thú:	Well done
Cic éirice:	Penalty kick
Trom an chaid/tabhair dom an liathróid:	Give me the ball
Iompaigh/cas timpeall:	Turn around
Féach ar an liathróid:	Look at the ball
Scaoil leis an liathróid:	Release the ball
Cuir isteach go híseal/hard í:	Send it in low/high
Tá sé ar chomhscór:	It's a draw
Tá sé imithe thar an taobhlíne:	It's gone over the line
An réiteoir:	The referee
An trasnán:	The crossbar
Calaois:	Foul
Cúl:	Goal
Cúilín:	Point
Bhuail mé an sliotar:	I hit the sliotar
Shéid sí an fheadóg:	She blew the whistle
Scór den scoth:	Great score
Bratach glas/bán:	Green/whiteflag
Taobhlíne:	Sideline
D'ardaigh an maor chúl an bratach glas:	The umpire raised the green flag.
Fuair sí cúl:	She got a goal
Chuir sí an liathróid ar seachrán/ ar foraíl:	She put the ball wide
Cárta dearg:	Red card
Poc/Cic soar:	Free/ free kick
Cic/Poc piónóis:	Penalty
An maor líne:	The linesman
Na maoir chúil:	The umpires
Bhuail sé an trasnán:	He hit the bar
Líontán:	Net
Imreoir(i):	Player(s)
Scóráil sé cúl iontach:	He scored a great goal
Athimirt:	Replay
Is iománaí iontach é:	He's a great hurler
Sár-imreoir:	Great player
Foireann:	Team
Na foirne:	The teams
Pas an liathróid:	Pass the ball
Blocáil é/í:	Block it
Coinnigh íseal é/í:	Keep it low
Glac an cúilín:	Take the point
D'imir tú cluiche iontach:	You played a great game
An chéad leath:	The first half
An dara leath:	The second half
Rinne sibh bhuir ndícheall:	You did your best
Bhí mí-ádh orainn:	We were unlucky
Fan leis/léi:	Stay with him/her
Lean é/í:	Follow him/her
Ardaigh an liathróid:	Lift the ball
Ruathar aonair:	Solo run

Tá leabhairín le tearmaí Gaeilge le fail ó Pháirc an Chrócaigh